FÉACH THART Rang 5

EOLAÍOCHT

le Máire Ní Ghallchobhair

Scéim bliana le haghaidh Rang 5 atá sa phacáiste **Féach Thart: Eolaíocht**. Cuirtear 19 dtéama eolaíochta i láthair na ndaltaí, iad uile bunaithe ar cheann de shnáithaonaid an churaclaim.

Dhá chuid atá sa phacáiste:

- 19 Sraith sleamhnán (comhaid *Powerpoint* atá ar fáil ar www.angum.ie)
- Leabhar Oibre

Moltar don mhúinteoir an tsraith sleamhnán a úsáid ar dtús chun an téama eolaíochta a chur i láthair na ndaltaí. Spreagfaidh an cur i láthair na daltaí le suim a chur san ábhar agus le bheith fiosrach faoi. Pléifidh na daltaí ábhar na sleamhnán agus tabharfaidh siad faoi na gníomhaíochtaí a léirítear iontu. Tugtar naisc chuig suíomhanna gréasáin éagsúla ag deireadh gach sraithe sleamhnán, rud a thabharfaidh deis do na daltaí breis eolais a fháil ar pé téama atá faoi chaibidil sna sleamhnáin.

Tá na 19 mír sa leabhar oibre bunaithe ar an ábhar sna sraitheanna sleamhnán. Tugtar deis do na daltaí dul siar ar a bhfuil foghlamtha acu agus tuiscint níos fearr a fháil ar an ábhar. Tabharfaidh na daltaí faoi cheisteanna scríofa a fhreagairt, crosfhocail a líonadh, focalchuardach a dhéanamh, lipéid a chur ar léaráidí, léaráidí a tharraingt, agus mórchuid gníomhaíochtaí eile. Déanfaidh siad anailís freisin, ar bhealaí éagsúla eile, ar an eolas a cuireadh ina láthair sna sraitheanna sleamhnán.

Moltar na téamaí a chur i láthair san ord ina bhfuil siad sa leabhar oibre, mar atá:

1. An Córas Díleá
2. Solaid, Leachtanna agus Gáis
3. Ulóga
4. Crainn Dhuillsilteacha san Fhómhar
5. Solas
6. Veirteabraigh
7. Bia Folláin
8. Crainn Dhuillsilteacha sa Gheimhreadh
9. Dath an tSolais
10. Ainmhithe i mBaol
11. Eolaíocht agus Teicneolaíocht
12. Frithchuimilt
13. Fótaisintéis
14. Leictreachas
15. Crainn Dhuillsilteacha san Earrach agus sa Samhradh
16. Cad as a bhfuil sé déanta?
17. Féileacáin
18. Téamh Domhanda
19. Fuaim